Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2017
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0304 (COD)**

**10537/17**
**ADD 1**

**CORDROGUE 86**
**DROIPEN 91**
**JAI 624**
**SAN 265**
**CODEC 1103**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfar TOGRA Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/JHA ón gComhairle chun substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/387/JHA ón gComhairle.<br>*- Dréachtráiteas ar chúiseanna na Comhairle* |

## I. RÉAMHRÁ

Ar an 17 Meán Fómhair 2013, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/JHA (an Treoir SSN atá beartaithe) agus togra le haghaidh Rialachán maidir le Substaintí Sícighníomhacha Nua (an Rialachán SSN atá beartaithe).

Ar an 21 Eanáir 2014, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an Treoir SSN atá beartaithe agus maidir leis an Rialachán SSN atá beartaithe.

Ar an 17 Aibreán 2014, le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an Treoir SSN atá beartaithe agus maidir leis an Rialachán SSN atá beartaithe.

Shocraigh COREPER ar an 27 Bealtaine 2015 nach de réir bhunús dlí Airteagal 114 CFAE (a bhaineann le feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh) ach de réir bhunús dlí nua Airteagal 83(1) CFAE (an dlí coiriúil) is ceart an plé ar an Rialachán SSN atá beartaithe a dhéanamh.

Ar an 6 Aibreán 2016, bhí an dara plé ag COREPER agus athdhearbhaíodh lena linn an t-athrú sin ar an mbunús dlí (go hAirteagal 83 CFAE, i bhfoirm Treorach) agus iarradh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir leis an Rialachán lenar bunaíodh an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) a leasú, trí na forálacha maidir leis an gCóras Réamhrabhaidh agus maidir leis an anailís agus measúnú rioscaí atá sa Rialachán réamhráite sin a thabhairt isteach.

Ar an 30 Lúnasa 2016, thíolaic an Coimisiún a leithéid de thogra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán EMCDDA; togra a scrúdaigh an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí a thuilleadh ag na cruinnithe a bhí aici ar an 7 Meán Fómhair 2016, 21-22 Meán Fómhair, 11-13 Deireadh Fómhair 2016 agus ar an 9 Samhain 2016.

Ar an 8 agus an 9 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an cur chuige ginearálta maidir leis an Treoir SSN atá beartaithe agus an Rialachán SSN atá beartaithe, a leagtar amach in 14810/1/16 REV 1 agus 14809/1/16 REV 1.

Ar an ócáid sin, thug an Chomhairle sainordú don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin Treoir SSN atá beartaithe agus faoin Rialachán SSN atá beartaithe.

Faoi Uachtaránacht Mhálta, reáchtáladh trí cinn de chruinnithe trípháirteacha. I dtaca le téacs na Treorach SSN atá beartaithe agus téacs an Rialacháin SSN atá beartaithe, mar a eisíodh sin in 9567/17 agus 9566/17 tar éis na caibidlíochta idirinstitiúidí, thángthas ar chomhréiteach deiridh ar an 29 Bealtaine 2017 ina dtaobh agus cuireadh an dá théacs faoi bhráid COREPER ar an 31 Bealtaine 2017.

An 8 Meitheamh 2017, vótáil an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) agus d'fhormheas sé téacs na Treorach SSN agus an Rialacháin SSN atá beartaithe sa riocht ina raibh siad tar éis na caibidlíochta idirinstitiúidí. Sheol Cathaoirleach an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), an tUasal Claude MORAES, litir darb ábhar an Treoir SSN atá beartaithe chuig Uachtarán Choiste na mBuanionadaithe ina ndúirt sé go molfadh sé do chomhaltaí Choiste LIBE agus ina dhiaidh sin don suí iomlánach go nglacfaí gan leasuithe céad léamh na Comhairle le linn an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, i gcás ina rabhthas chun an téacs sin a tharchur go foirmiúil chuig Parlaimint  na hEorpa mar sheasamh na Comhairle (ar an gcéad léamh) maidir leis an togra reachtach seo.

Ar an 20 Meitheamh 2017, tháinig an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Treoir SSN atá beartaithe. Cuireadh téacs na Treorach SSN agus téacs an Rialacháin SSN atá beartaithe faoi bhráid na ndlítheangeolaithe ina dhiaidh sin go n-athbhreithneoidís iad.

## II. CUSPÓIR

Tá substaintí sícighníomhacha nua, a dhéanann aithris ar éifeachtaí na substaintí a leagtar amach faoi Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe, ag síor-theacht chun cinn agus ag leathadh go mear ar fud an Aontais. Gabhann rioscaí tromchúiseacha sóisialta agus sláinte poiblí le cuid de na substaintí sícighníomhacha nua sin. Is é an aidhm atá leis an Treoir SNN atá beartaithe agus leis an Rialachán SSN atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar na substaintí sícighníomhacha nua sin ar leibhéal an Aontais ar bhealach is tapúla agus is éifeachtúla ná an córas reatha, an córas sin a bunaíodh le Cinneadh 2005/387/JHA ón gComhairle.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

Tá roinnt gnéithe (de chuid na Treorach SSN agus an Rialacháin SSN atá beartaithe) a dteastaíonn plé cuimsitheach ina dtaobh d'fhonn teacht ar chomhaontú: cé acu an trí bhíthin gníomhartha tarmligthe nó trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a dhéanfar na substaintí nua sícighníomhacha is contúirtí a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga'; an spriocdháta maidir le cur chun feidhme na mbeart náisiúnta; agus na critéir maidir le seoladh na tuarascála measúnaithe riosca.

***Gníomhartha tarmligthe***

Le linn na caibidlíochta a tharla ar an leibhéal idirinstitiúideach, ba é an cheist ba mhó a pléadh cé acu an trí bhíthin gníomhartha tarmligthe nó trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a dhéanfaí substaintí nua sícighníomhacha a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga'. Ba é tuairim na Comhairle gur gníomhartha cur chun feidhme ab fhearr mar ionstraim chun na críche sin; thug an Pharlaimint le fios go raibh dlúthbhaint ag an tsaincheist seo le sláinte na saoránach, agus nárbh iomchuí gan baint a bheith ag an bParlaimint le pé cinneadh a ghlacfaí. D'iarr an Pharlaimint a bheith páirteach i nglacadh na gcinntí maidir le substaintí nua sícighníomhacha a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga'. Tar éis di plé fada a dhéanamh le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí, thoiligh an Chomhairle glacadh leis go mbeadh na substaintí nua sícighníomhacha á n-áireamh sa sainmhíniú ar 'druga' trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomaoin na n-athruithe atá molta ag an gComhairle ar an reachtaíocht a bhaineann le substaintí sícighníomhacha nua.

*An spriocdháta do chur chun feidhme na mbeart náisiúnta*

Murab ionann agus an togra bunaidh ón gCoimisiún, mhol an Chomhairle go ndéanfaí an tréimhse maidir le cur chun feidhme na mbeart náisiúnta (lena gcuirfí toirmeasc ar shubstaint shícighníomhach nua) a ghiorrú ó bhliain amháin go sé mhí, a luaithe a ghlacfaí an gníomh tarmligthe lena n-áireofaí substaint shícighníomhach sa sainmhíniú ar 'druga'. Ba é moladh na Parlaiminte go ngiorrófaí an tréimhse sin a thuilleadh i.e. go trí mhí. De thoisc na hidirbheartaíochta, agus ó tharla córais éagsúla dlí a bheith sna Ballstáit éagsúla, thoiligh an Pharlaimint glacadh le teorainn ama dar fad sé mhí chun na bearta náisiúnta a chur chun feidhme ionas go n-áiritheofaí go mbeadh a ndóthain ama ag na Ballstáit uile chun sin a dhéanamh.

*Tairseach do sheoladh na tuarascála measúnaithe riosca*

D'áitigh an Pharlaimint go raibh an tairseach dá bhfuil foráil déanta ag an gComhairle chun an tuarascáil mheasúnaithe riosca a sheoladh – a luaithe a eiseofar tuarascáil chomhpháirteach maidir le substaint shícighníomhach nua – go raibh an tairseach sin ró-ard ("tugtar le fios sa tuarascáil tosaigh go bhféadfadh an tsubstaint seo a bheith ina siocair le rioscaí *tromchúiseacha* don tsláinte phoiblí nó go raibh na rioscaí sláinte poiblí agus sóisialta ró-ard"). Tar éis di an cheist seo a phlé, thoiligh an Pharlaimint glacadh leis an tairseach dá bhfuiltear ag foráil, ós rud é gur do riosca féideartha nó do léiriú – seachas do riosca bunaithe – a tagraíodh, agus nárbh fholáir an tairseach sin a bheith nasctha leis na critéir dá bhforáiltear chun na substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga' (critéir a fhorálann nach mór do na substaintí sin a bheith ina siocair le rioscaí *tromchúiseacha* don tsláinte phoiblí agus, i gcás inarb infheidhme, a bheith ina siocair le rioscaí sóisialta ar leibhéal an Aontais").

## IV. CONCLÚID

Is léiriú é seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh ar an gcomhréiteach a rinneadh sa chaibidlíocht a tharla idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, noch a d'éascaigh an Coimisiún. A luaithe a ghlacfar iad, tiocfaidh an Treoir SSN agus an Rialachán SSN atá beartaithe in ionad an chórais reatha (a bunaíodh le Cinneadh 2005/387/JHA ón gComhairle) lena dtéitear i ngleic leis na substaintí sícighníomhacha nua is contúirtí ar leibhéal an Aontais. Faoin réimeas nua, beifear in ann laghdú 50% a chur ar an am a bhíonn de dhíth chun na substaintí sícighníomhacha nua is contúirtí a chur faoi réir bearta rialaithe ar leibhéal an Aontais.